Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2016

Scéim Mharcála

Gaeilge

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Páipéar I (160 marc)

Cuid I: Cluastuiscint (60 marc)

(i)	Tuiscint	= **60** marc	
(ii)	Cumas Gaeilge	- (**0-3)** marc	
(iii)	**Iomlán**	=	

Cuid A:	**18 marc (Eolas)**		
Fógra 1:	2 mharc × 5	=	10 marc
Fógra 2:	2 mharc × 4	=	8 marc
	10 + 8	=	**18 marc**
Cuid B:	**28 marc (Eolas)**		
Comhrá 1:	2 mharc × 7	=	14 mharc
Comhrá 2:	2 mharc × 7	=	14 mharc
	14 + 14	=	**28 marc**
Cuid C:	**14 mharc (Eolas)**		
Píosa 1:	2 mharc × 4	=	8 marc
Píosa 2:	2 mharc × 3	=	6 mharc
	8 + 6	=	**14 mharc**

Bainfear ó 0 go 3 ar chaighdeán na Gaeilge.

Triail Chluastuisceana

Téipscript

CUID A

Fógra 1 (Canúint Uladh)

Seo fógra ón eagraíocht **Conradh na Gaeilge**. A mhúinteoirí, beidh lá speisialta do scoláirí dara leibhéal ar siúl ar an gcúigiú lá déag de mhí na Samhna. ***Gaeilge 24*** an t-ainm a bheidh ar an lá speisialta seo. Is é is aidhm leis an lá seo ná scoláirí dara leibhéal a bheith ag labhairt as Gaeilge amháin ar feadh 24 uair an chloig. Má tá suim agaibh bhur gcuid scoláirí a chlárú don dúshlán seo, is féidir gach eolas a fháil ó oifig Chonradh na Gaeilge ag an uimhir (01) 476408. Beidh táille €10 le híoc ag gach scoláire a ghlacfaidh páirt sa dúshlán seo. Bainfidh Conradh na Gaeilge úsáid as an airgead a bhaileofar chun imeachtaí cultúrtha a eagrú ar fud na tíre. Gheobhaidh gach scoláire a ghlacfaidh páirt sa lá speisialta seo t-léine. Déanaigí deifir, a mhúinteoirí, is é an Luan seo chugainn an lá deireanach le scoláirí a chlárú don dúshlán seo.

Fógra 2 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh do scoláirí sa séú bliain. Ar mhaith libh a bheith ag obair i dtionscal na meán cumarsáide? Tá cúrsa céime againn daoibh - Céim sa Chumarsáid agus sa Ghaeilge. Mairfidh an cúrsa seo ceithre bliana. Beidh sé ar siúl in Acadamh na hOllscolaíochta ar an gCeathrú Rua. Múinfear scileanna craoltóireachta agus iriseoireachta i rith an chúrsa. Sa tríú bliain, beidh deis agaibh dul i mbun taithí oibre sna meáin Ghaeilge, ag obair le TG4 nó le RTÉ Raidió na Gaeltachta. Fiche áit atá ar fáil ar an gcúrsa.

CUID B

Comhrá 1 (Canúint na Mumhan)

An Chéad Mhír

Clíona: Haigh, a Sheáin. Ní fhaca mé le tamall thú. An bhfuil scrúduithe an tSamhraidh críochnaithe agat fós?

Seán: Tá, buíochas le Dia. Chríochnaigh mé Dé hAoine seo caite iad.

Clíona: Cad a cheap tú de na scrúduithe, a Sheáin?

Seán: Ó, a Chlíona, bhí siad an-deacair. Tá aiféala orm anois i ndiaidh na scrúduithe mar ní dhearna mé go leor staidéir sa chúigiú bliain.

Clíona: Bhí bliain iontach agamsa, a Sheáin. Baineann dhá bhuntáiste leis an Idirbhliain, dar liom - an clár leathan oideachais agus an bhéim ar an bhforbairt phearsanta.

Seán: An ndeachaigh sibh ar mhórán turas?

Clíona: Chuaigh.

Seán: Inis dom faoi na turais sin.

Clíona: Bhí ceithre lá iontacha againn in ionad eachtraíochta in Acaill, Co. Mhaigh Eo. Agus chaitheamar deireadh seachtaine sa Ghaeltacht i mBaile Bhuirne.

An Dara Mír

Seán: Abair liom, a Chlíona, cén chuimhne is mó atá agat ar an Idirbhliain?

Clíona: Ó, an choicís a chaith mé ag obair le páistí óga san India. Chuaigh daichead againn ón Idirbhliain ag obair leis an bhFondúireacht Hope.

Seán: Cén obair a rinne sibh amuigh ansin, a Chlíona?

Clíona: Bhímis i mbunscoil ar maidin ag cabhrú leis na múinteoirí. I ndiaidh an lóin ansan, bhímis ag rince agus ag canadh leis na páistí.

Seán: Go hiontach ar fad, a Chlíona. An raibh oraibh airgead a bhailiú roimh ré?

Clíona: Bhí feachtas bailithe airgid againn sa scoil, agus bhailíomar €20,000.

Seán: Comhghairdeas libh. Gaisce ba ea é. Cad iad na himeachtaí a eagraíodh?

Clíona: Eagraíodh díolacháin chístí, ceolchoirm agus comórtas camógaíochta. Bhí gach rang páirteach i mbailiú an airgid.

Seán: Cad a ceannaíodh leis an airgead sin?

Clíona: Ceannaíodh trealamh spóirt, ríomhairí agus bréagáin leis agus thógamar iad ar fad linn.

Seán: Tá aiféala orm anois, a Chlíona, nach ndearna mé féin an Idirbhliain.

Clíona: Tá sé ródhéanach anois, a Sheáin. Caithfidh mé imeacht. Bain taitneamh as laethanta saoire an tSamhraidh.

Comhrá 2 (Canúint Chonnacht)

An Chéad Mhír

An fón ag bualadh

Liam: Haigh, a Mháire. Bhí mé ag glaoch ort aréir. Ach ní raibh tú sa bhaile.

Máire: Ní raibh, a Liam. Bhí mé thíos ag an gclub rugbaí. Bhí mé ag traenáil don chluiche craoibhe faoina naoi déag a bheidh ar siúl Dé Sathairn.

Liam: Agus an bhfuair tú d'áit ar an bhfoireann, a Mháire?

Máire: Fuair, buíochas le Dia. Bhí mé an-neirbhíseach mar bhí eagla orm nach bhfaighinn áit ar an bhfoireann. Lig mé scread asam nuair a ghlaoigh an bainisteoir amach m'ainm.

Liam: Maith thú, a Mháire. An raibh tú ag féachaint ar Chorn an Domhain sa Rugbaí ar an teilifís le cúpla seachtain anuas?

Máire: Bhí, gan dabht, a Liam.

Liam: Ó bhí an comórtas sin go hiontach, dar liom. Bhí sé eagraithe go han-mhaith; bhí an imirt ar fheabhas agus bhí lucht leanúna na náisiún go léir an-chairdiúil lena chéile.

Máire: Agus d'imir foireann na hÉireann go maith nuair a bhí an bua iontach acu ar an bhFrainc.

An Dara Mír

Liam: Tar éis an bhua sin ar an bhFrainc, bhí dóchas mór ann go mbuafaidís ar an Airgintín sa chluiche ceathrú ceannais.

Máire: Bhí, cinnte. Chaill siad ar an drochuair ach throid siad go dtí an deireadh.

Liam: Tá an ceart agat, a Mháire. Bhí imreoirí na hAirgintíne an-tapaidh ar fad. Bhí droch-thús ag foireann na hÉireann mar scóráil an Airgintín dhá úd go luath sa chluiche.

Máire: Chomh maith leis sin, bhí Éire faoi mhíbhuntáiste. Bhí cuid de na himreoirí ab fhearr gortaithe, agus cuid eile acu ar fionraí, agus ní raibh siad ar fáil don chluiche sin.

Liam: Ba mhór an chaill é Paul O'Connell ar an lá.

Máire: Ba mhór cinnte. Laoch ceart is ea é. Nár bhronn Ollscoil Luimnigh céim oinigh air anuraidh?

Liam: Bhronn. Tá baint aige le hOllscoil Luimnigh le fada an lá. Théadh sé ag snámh sa linn snámha san ollscoil agus é ina leaid óg. Thosaigh sé ar chéim san innealtóireacht ríomhaireachta tar éis an scoil a fhágáil ach ansin chuaigh sé ag imirt rugbaí go gairmiúil.

Máire: Is Ambasadóir iontach é ar son na hollscoile agus ar son chathair Luimnigh.

CUID C

Píosa 1 (Canúint Uladh)

Cheadaigh Aire Stáit na Gaeltachta deontas airgid don ghrúpa *An Crann Óg* as Gaeltacht Dhún na nGall. Ceoltóirí agus amhránaithe as paróiste Ghaoth Dobhair iad, atá ag cur beocht nua i gceol traidisiúnta na háite. Sa bhliain dhá mhíle is a seacht, chuir an Comharchumann áitiúil campa samhraidh ar siúl do dhaoine óga chun eolas a thabhairt dóibh ar cheol agus ar amhráin na háite. D'fhás an grúpa *An Crann Óg* as an gcampa sin. Bhí an grúpa ceoil seo gnóthach sa bhliain 2015. I samhradh na bliana sin rinneadh físeán ag cur síos ar a gcuid ceoil. Ansin ag Oireachtas na Samhna i mBaile Átha Cliath sheol an grúpa dlúthdhiosca nua.

Píosa 2 (Canúint na Mumhan)

Fuair Micheál Ó Cearna bás i mí Lúnasa seo caite. Rugadh ar an mBlascaod Mór é sa bhliain míle naoi gcéad fiche. D'fhág sé an Blascaod Mór agus é ina fhear óg. Tar éis tamaill i mBaile Átha Cliath, bhog sé go Springfield Massachusetts, áit ar chaith sé an chuid eile dá shaol. Moladh Micheál go mór nuair a fuair sé bás mar níor thug sé a chúl riamh lena chultúr ná lena mhuintir féin. Bhí páirt mhór aige san fheachtas chun an t-ionad cuairteoirí, Ionad an Bhlascaoid Mhóir, a oscailt i nDún Chaoin. Tá cur síos ar stair, ar thraidisiúin agus ar litríocht na n-oileánach le feiceáil sna taispeántais san ionad seo. Chomh maith leis sin, bhí baint mhór ag Micheál le cúrsaí cultúir in Springfield. Bhíodh sé ag múineadh ranganna Gaeilge ann.

CUID A (18 marc)

FÓGRA A hAON (10 marc)

1. **(a)** Cén eagraíocht a chuir an fógra seo amach? **2 mharc**

Conradh na Gaeilge = 2 mharc

(b) Cén dáta a bheidh an lá speisialta seo ar siúl? **2 mharc**

Cúigiú lá déag de mhí na Samhna = 2 mharc
Cúigiú lá déag de Shamhain = 2 mharc
15/11 = 2 mharc
15 Samhain = 2 mharc

2. **(a)** Cad is aidhm leis an lá seo do scoláirí dara leibhéal? **2 mharc**

(Scoláirí dara leibhéal) a bheith ag labhairt as Gaeilge amháin ar feadh 24 uair an chloig = 2 mharc
Scoláirí a bheith ag labhairt as Gaeilge = 2 mharc
Labhairt as Gaeilge = 2 mharc

(b) Cén táille a bheidh le híoc ag gach scoláire? **2 mharc**

€10 = 2 mharc
10 euro = 2 mharc

3. Cén úsáid a bhainfear as an airgead a bhaileofar? **2 mharc**

Imeachtaí cultúrtha a eagrú ar fud na tíre = 2 mharc
Imeachtaí cultúrtha a eagrú = 2 mharc
Imeachtaí cultúrtha = 1 mharc
Imeachtaí cultúrtha ar fud na tíre = 1 mharc
Imeachtaí a eagrú = 1 mharc

FÓGRA A DÓ (8 marc)

1. **(a)** Cén cúrsa céime atá luaite san fhógra? **2 mharc**

Cumarsáid **agus** Gaeilge = 1 mharc + 1 mharc = 2 mharc
Cumarsáid = 1 mharc
Gaeilge = 1 mharc

(b) Cá bhfuil Acadamh na hOllscolaíochta suite? **2 mharc**

ar an gCeathrú Rua = 2 mharc

2. Scríobh síos an **dá** scil a mhúinfear i rith an chúrsa. **2 mharc + 2 mharc**

(i) (Scileanna) craoltóireachta = 2 mharc

(ii) (Scileanna) iriseoireachta = 2 mharc

CUID B (28 marc)

COMHRÁ A hAON (14 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cen fáth a bhfuil aiféala ar Sheán anois i ndiaidh na scrúduithe? **2 mharc**

Ní dhearna sé go leor staidéir sa chúigiú bliain = 2 mharc
Ní dhearna sé go leor staidéir = 2 mharc
Ní dhearna sé go leor sa chúigiú bliain = 2 mharc
Ní dhearna sé go leor = 1 mharc

2. Luaigh an **dá** bhuntáiste a bhaineann leis an Idirbhliain, dar le Clíona. **2 mharc + 2 mharc**

(i) An clár leathan oideachais = 2 mharc
An clár oideachais = 1 mharc

(ii) An bhéim ar an bhforbairt phearsanta = 2 mharc
Forbairt phearsanta = 2 mharc

3. Cá fhad a chaith Clíona sa Ghaeltacht i mBaile Bhuirne? **2 mharc**

Deireadh seachtaine = 2 mharc

An Dara Mír

1. Cén chuimhne is mó atá ag Clíona ar an Idirbhliain? **2 mharc**

An choicís a chaith sí ag obair le páistí óga san India = 2 mharc
Ag obair le páistí óga san India = 2 mharc
Ag obair leis an bhFondúireacht Hope = 2 mharc
Ag obair san India = 2 mharc
Ag obair le Hope = 2 mharc
Páistí óga san India = 2 mharc
An choicís san India = 2 mharc

2. Bhí feachtas bailithe airgid ar siúl i scoil Chlíona. Cé mhéad airgid a bailíodh? **2 mharc**

€20, 000 = 2 mharc
20, 000 euro = 2 mharc

3. Scríobh síos ceann **amháin** de na himeachtaí a eagraíodh i scoil Chlíona chun airgead a bhailiú. **2 mharc**

Díolacháin chístí = 2 mharc

Ceolchoirm = 2 mharc
Comórtas camógaíochta = 2 mharc
Comórtas = 1 mharc
Camógaíocht = 1 mharc

COMHRÁ A DÓ (14 mharc)

An Chéad Mhír

1. Cad a bhí ar siúl ag Máire ag an gclub rugbaí aréir? **2 mharc**

Bhí sí ag traenáil = 2 mharc

2. Cén fáth a raibh Máire an-neirbhíseach? **2 mharc**

Bhí eagla uirthi nach bhfaigheadh sí áit ar an bhfoireann = 2 mharc
Bhí eagla uirthi nach bhfaigheadh sí a háit = 2 mharc

3. Bhí comórtas Chorn an Domhain sa rugbaí go hiontach, dar le Liam.
Tabhair **dhá** chúis lena thuairim. **2 mharc + 2 mharc**

Bhí sé eagraithe go han-mhaith = 2 mharc
Bhí an imirt (na cluichí) ar fheabhas = 2 mharc
An imirt = 1 mharc
Bhí lucht leanúna na náisiún go léir an-chairdiúil lena chéile = 2 mharc
Lucht leanúna an-chairdiúil = 2 mharc
Lucht leanúna = 1 mharc
Eagraithe = 1 mharc

An Dara Mír

1. Scríobh síos **dhá** chúis nach raibh imreoirí na hÉireann go léir ar fáil don chluiche i gcoinne na hAirgintíne, dar le Máire. **2 mharc + 2 mharc**

(i) Bhí cuid de na himreoirí (ab fhearr) gortaithe = 2 mharc
Bhí siad gortaithe = 2 mharc
Imreoirí gortaithe = 2 mharc
Gortaithe = 1 mharc

(ii) Bhí cuid eile acu ar fionraí = 2 mharc
Bhí siad ar fionraí = 2 mharc
Ar fionraí = 1 mharc

2. Cén chéim a thosaigh Paul O'Connell in Ollscoil Luimnigh? **2 mharc**

Innealtóireacht ríomhaireachta = 2 mharc

CUID C (14 mharc)

PÍOSA A hAON (8 marc)

1. Cad a cheadaigh Aire Stáit na Gaeltachta don ghrúpa, An Crann Óg? **2 mharc**

Deontas airgid = 2 mharc
Deontas = 1 mharc
Airgead = 1 mharc

2. Cén fáth ar chuir an comharchumann áitiúil campa samhraidh ar siúl do dhaoine óga? **2 mharc**

Chun eolas a thabhairt dóibh ar cheol agus ar amhráin na háite = 2 mharc
Chun eolas a thabhairt dóibh ar cheol na háite = 2 mharc
Chun eolas a thabhairt dóibh ar amhráin na háite = 2 mharc
Chun eolas a thabhairt dóibh ar cheol agus ar amhráin = 1 mharc
Chun eolas a thabhairt dóibh ar cheol = 1 mharc
Chun eolas a thabhairt dóibh ar amhráin = 1 mharc

3. Luaigh **dhá** phointe eolais faoin mbliain ghnóthach a bhí ag an ngrúpa seo sa bhliain 2015. **2 mharc + 2 mharc**

(i) Rinneadh físeán ag cur síos ar a gcuid ceoil = 2 mharc
Rinneadh físeán ceoil = 1 mharc

(ii) Sheol an grúpa dlúthdhiosca nua = 2 mharc

PÍOSA A DÓ (6 mharc)

1. Cár rugadh Micheál Ó Cearna? **2 mharc**

Ar an mBlascaod Mór = 2 mharc

2. Cén fáth ar moladh Micheál Ó Cearna nuair a fuair sé bás? **2 mharc**

Níor thug sé a chúl riamh lena chultúr ná lena mhuintir féin = 2 mharc
Níor thug sé a chúl riamh lena chultúr féin = 2 mharc
Níor thug sé a chúl riamh lena mhuintir féin = 2 mharc

3. Luaigh gné **amháin** de shaol na n-oileánach atá le feiceáil sna taispeántais san ionad seo. **2 mharc**

Stair = 2 mharc
Traidisiúin = 2 mharc
Litríocht = 2 mharc

Léirigh na marcanna mar seo ar chlúdach na Cluastuisceana:

Don Scrúdaitheoir	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	**10 marc**
Cuid A, Fógra 2	**8 marc**
Cuid B, Comhrá 1	**14 mharc**
Cuid B, Comhrá 2	**14 mharc**
Cuid C, Píosa 1	**8 marc**
Cuid C, Píosa 2	**6 mharc**
Iomlán	**60 marc**

Eolas	**60 marc**
Gaeilge	**- (0-3)**
Móriomlán	

Cuid II CEAPADÓIREACHT 100 marc

3 Roinn ar an bpáipéar scrúdaithe

A. Aiste nó Alt Nuachtáin / Irise

B. Scéal

C. Díospóireacht / Óráid

An Mharcáil:

Iarracht iomlán = 500 – 600 focal (an treoir ar an bpáipéar scrúdaithe), an t-ábhar ad rem agus bunaithe ar an teideal a roghnaíonn an t-iarrthóir.

Stíl chuí scríbhneoireachta = **5** mharc

Ionramháil Ábhair = **15** mharc

Cumas Gaeilge = **80** marc

3 chéim sa mharcáil:

Cé go bhfuil trí roinn (Stíl, Ionramháil Ábhair agus Cumas Gaeilge) i gceist, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

An Grádú / An Measúnú	An iarracht a mheas mar aonad - Cad is fiú an iarracht cheapadóireachta ó thaobh gráid de?
An Fo-ghrád	Socraigh an fo-ghrád: ard / meánach / íseal
An Marc	Roghnaigh an marc cuí a fhreagraíonn don fho-ghrád.

Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 5 (Stíl), an marc a bhronntar as 15 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta.

Stíl (5) =

Ábhar (15) =

Gaeilge (80) =________________

CII (100) =

Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

Stíl chuí scríbhneoireachta (5 mharc):

Stíl (5 mharc) = 5 mharc sa chás go bhfuil an stíl chuí scríbhneoireachta in úsáid - má roghnaítear B (a), ní mór don iarrthóir **Scéal** a scríobh agus ní cheadaítear **Aiste** nó **Díospóireacht** srl. Sa chás go scríobhtar **Aiste** srl. agus teideal an scéil leis, an marc cuí ná Stíl (5) = 0.

Smaoinigh nach mbaineann an marc ar Stíl le caighdeán nó le cáilíocht na hiarrachta. Déantar é seo a mheas faoi Ábhar (15 mharc).

Ionramháil Ábhair (15 mharc):

Tuairimí, smaointe, insint, eachtraí, imeachtaí, eolas, faisnéis **a bhaineann le hábhar theideal na ceapadóireachta**.

Aicme	**Grád**	**Marc**
Ionramháil shármhaith (smaointe fairsinge, samhlaíocht neamhghnách)	A	13, 14, 15
Ionramháil an-mhaith	B	11, 12
Ionramháil mhaith	C	9, 10
Ionramháil mheasartha	D	6, 7, 8
Ionramháil lag / bhearnach	E	3, 4, 5
Ionramháil an-lag (easnamhach)	F / NG	0, 1, 2

Ba cheart an ionramháil ábhair a mheas agus tagairt á déanamh do Chumas na Gaeilge. Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair lag ní féidir na smaointe a chur i láthair go héifeachtach. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil an ghné den scríbhneoireacht is tábhachtaí agus an cheapadóireacht á grádú.

Cumas Gaeilge (80 marc)

(i) Fairsinge agus Saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra

agus

(ii) Beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe (gramadach, comhréir, struchtúr, deilbhíocht) de cheart na Gaeilge.

Dhá ghné i gceist sa Chumas Gaeilge:

Stór Gaeilge agus dul na teanga	Beachtas / Cruinneas na Gaeilge
• Máistreacht an iarrthóra ar an teanga chun na smaointe a ionramháil • Cumas an iarrthóra chun a smaointe faoin ábhar a scríobh síos go tuisceanach soiléir, gan bunrialacha na teanga a shárú • Fairsingeacht agus saibhreas an fhoclóra • An Chomhréir - struchtúir na n-abairtí	Caighdeán an iarrthóra i gcruinnláimhseáil ghramadach na Gaeilge: • Aimsirí na mbriathra • Litriú • Séimhiú • Urú • An Chlaoninsint • Réamhfhocail • Díochlaontaí na n-ainmfhocal

Tá sé fíorthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir <u>mórbhotúin chomhréire</u> agus <u>mionbhotúin ghramadaí / litrithe</u>.

Cuimhnigh ar an treoir seo ón scrúdpháipéar:
Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.
Sa chás go scríobhtar ábhar seachtrach nach bhfuil **ad rem** cuirfear as an áireamh an t-ábhar sin. D'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gcinneadh sin nach sásóidh an iarracht cheapadóireachta na riachtanais ó thaobh fad de, agus dá thoradh sin, go ngearrfar pionós pro-rata ar an ábhar agus ar an nGaeilge.
Nuair nach bhfuil an iarracht ar fad **ad rem**, cuir lúibín cearnach ag tús an phíosa/an ailt nach bhfuil **ad rem** agus lúibín cearnach eile ag deireadh an phíosa/an ailt sin agus scríobh "**níl sé seo ad rem**" sa cholún ar dheis.

<u>CAIGHDEÁN NA GAEILGE SA SCRIPT</u>: Tá sé an-thábhachtach an grád a bhronnann tú ar chumas Ghaeilge an iarrthóra sa cheapadóireacht a choimeád i d'aigne agus tú ag déanamh breithiúnais ar Ghaeilge an iarrthóra sa Chluastuiscint agus sna freagraí ar Pháipéar II - go hiondúil, bíonn coibhneas idir na marcanna.

Aicme	(1) Stór Gaeilge (2) Beachtas / Cruinnúsáid	Grád	Grád Raon
A	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas an-mhaith ar fad / **sármhaith** (2) Cruinneas an-mhaith ar fad / **sármhaith** (den chuid is mó)	A ard A meánach A íseal	76-80 marc 72-75 marc 68-71 marc
B	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas **an-mhaith** (2) Cruinneas **an-mhaith** (den chuid is mó)	B ard B meánach B íseal	64-67 marc 60-63 marc 56-59 marc
C	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas **maith** (2) Cruinneas **maith** (den chuid is mó)	C ard C meánach C íseal	52-55 marc 48-51 marc 44-47 marc
D	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas **measartha** (2) Cruinneas **measartha** (den chuid is mó)	D ard D meánach D íseal	40-43 marc 36-39 marc 32-35 marc
E	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas **lag** (2) Cruinneas **lag** (den chuid is mó)	E ard E meánach E íseal	28-31 marc 24-27 marc 20-23 marc
F agus **N/G**	(1) Fairsingeacht agus Saibhreas **an-lag** (2) Cruinneas **an-lag** (den chuid is mó)	F ard F meánach F íseal N/G ard N/G íseal	16-19 marc 12-15 marc 8-11 marc 4-7 marc 0-3 marc

Páipéar II (200 marc)

Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Treoracha do mharcáil na léamhthuisceana

LÉAMHTHUISCINT: A agus B

Tá Ceist 1 – 5 ar cómharc, 7 marc ar gach ceann.

Tá trí mharc ag dul ar chuid (a).

Tá **dhá** chuid i gceist (b): (i) agus (ii) agus **dhá** mharc ar (b) (i) agus **dhá** mharc ar (b) (ii).

Glacfar le freagraí i bhfocail an iarrthóra nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist.

Maidir le 6 (a) sa dá Léamhthuiscint tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Tá **12** mharc ag gabháil le Ceist 6 (b) sa dá chás. Ní mór d'iarrthóirí Ceist 6 (b) a fhreagairt **ina bhfocail féin**. I gceist 6 (b) sa dá léamhthuiscint ní bhronnfar marcanna arda sa chás nach léiríonn an t-iarrthóir tuiscint mhaith ar an sliocht. Tá eolas breise faoi Cheist 6 (b) le fáil sna nótaí thíos ar an dá Léamhthuiscint.

Cuir an marc iomlán do gach focheist sa cholún ar dheis sa fhreagarleabhar.

LÉAMHTHUISCINT A (50 marc)

1. **(a)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoi Euro 2016, Corn na hEorpa sa sacar, atá ar siúl faoi láthair. (Alt 1) (**2** phointe eolais) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara ceann atá ceart = 1 mharc

- Tá Euro 2016, Corn na hEorpa sa sacar, ar siúl sa Fhrainc faoi láthair
- Tá sé ar siúl sa samhradh
- Den chéad uair riamh, tá dhá fhoireann as Éirinn páirteach ann, Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann

(b) (i) Cén fáth a raibh teannas san airéine ag deireadh throid Katie Taylor? (Alt 1) (pointe **amháin**) {**2 mharc**}

- Cuireadh moill ar fhógairt an toraidh
- Bhí an troid an-chothrom

(ii) Bua stairiúil ba ea bua Katie, dar leis an údar. Cén chúis atá lena thuairim? (Alt 1) (pointe **amháin**) {**2 mharc**}

- Glacadh le dornálaíocht na mban mar spórt Oilimpeach den chéad uair riamh ag na cluichí in 2012

2. **(a)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Pierre de Coubertin mar oideachasóir sa Fhrainc. (Alt 2) (**2** phointe eolais) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara ceann atá ceart = 1 mharc

- Mar oideachasóir, d'aithin de Coubertin tábhacht an chorpoideachais i gcúrsaí oideachais
- Throid sé go láidir chun an corpoideachas a chur ar churaclam na scoileanna sa Fhrainc ag an am

(b) (i) Cén fáth nár reáchtáladh na Cluichí Oilimpeacha sna blianta 1916, 1940 agus 1944? (Alt 2) (pointe **amháin**) {**2 mharc**}

- Bhí an dá chogadh dhomhanda ar siúl

(ii) Cad a deirtear sa Chairt Oilimpeach faoin iomaíocht sna cluichí? (Alt 2) (pointe **amháin**) {**2 mharc**}

- Is tábhachtaí páirt a ghlacadh sna cluichí ná an bua a fháil iontu
- Ba cheart an iomaíocht a bheith cothrom agus cóir i gcónaí
- Ba cheart meas a bheith ag na hiomaitheoirí ar a chéile

3. **(a)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin nós a tosaíodh i mBeirlín agus atá fós ina dhlúthchuid de na Cluichí Oilimpeacha. (Alt 3)

(**2** phointe eolais) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

- Lasadh tóirse le ga na gréine ar Shliabh Oilimpia (láthair na gcluichí sa Ghréig sa sean-am)
- Iompraíodh an tóirse sin ón nGréig go dtí searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha i mBeirlín

(b) **(i)** Cén fáth a raibh go leor tíortha buartha faoi Hitler agus na Cluichí Oilimpeacha? (Alt 3)

(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Bhí go leor tíortha buartha go mbainfeadh Hitler agus na Naitsithe leas polaitiúil as an ócáid chun tacú lena ndearcadh ciníoch (go raibh an cine geal Airianach níos cumasaí ná aon chine eile)

(ii) Conas a léirigh Jesse Owens nach raibh aon bhunús leis an dearcadh Naitsíoch? (Alt 3)

(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Bhuaigh sé ceithre bhonn óir sa lúthchleasaíocht

4. **(a)** Tabhair **dhá** chúis ar moladh Ben Johnson ag na Cluichí Oilimpeacha in Seoul. (Alt 4)

(**2** chúis) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad chúis atá ceart = 2 mharc; an dara cúis atá ceart = 1 mharc

- Bhuaigh sé an bonn óir i rás céad méadar na bhfear
- Sháraigh sé curiarracht an domhain i rás céad méadar na bhfear
- Rith sé an céad méadar i 9.79 soicind

(b) **(i)** Cad a cuireadh i leith Johnson cúpla lá i ndiaidh dó an rás a bhuachan? (Alt 4)

(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Bhain sé úsáid as substaintí stéaróideacha

(ii) Cad a dhéantar anois le cosc a chur le húsáid na ndrugaí mídhleathacha sa spórt? (Alt 4)

(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Déantar tástáil rialta agus monatóireacht dhian ar lucht spóirt an domhain
- Déantar tástáil rialta

5. **(a)** Scríobh síos **dhá** rud a dúirt Uachtarán Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha faoi shaol an spóirt faoi láthair. (Alt 5)

(**2** rud) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Thagair sé don scáil atá ar shaol an spóirt faoi láthair

- Luaigh sé na líomhaintí faoi dhrugaí in aghaidh iomaitheoirí áirithe atá á bhfiosrú faoi láthair
- Luaigh sé na líomhaintí faoi bhreabanna in aghaidh iomaitheoirí áirithe atá á bhfiosrú faoi láthair
- Dhearbhaigh sé arís an dualgas atá ar gach iomaitheoir fanacht dílis don iomaíocht chóir sa spórt

(b) **(i)** Cad iad na fadhbanna atá sa Bhrasaíl faoi láthair, dar leis an Uachtarán Bach? (Alt 5)
(**2** fhadhb) **{1 mharc + 1 mharc}**

An chéad cheann atá ceart = 1 mharc; an dara ceann atá ceart = 1 mharc

- Tá cúlú eacnamaíochta sa tír
- Tá an dífhostaíocht ag ardú gan stad
- Tá an boilsciú ag ardú gan stad

(ii) Cad é ár nguí anseo in Éirinn, dar leis an údar? (Alt 5)
(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Go gcruthóidh ár gcuid iomaitheoirí Éireannacha go léir go maith sna Cluichí Oilimpeacha agus in Euro 2016
- Go gcruthóidh ár gcuid iomaitheoirí Éireannacha go léir go maith sna Cluichí Oilimpeacha
- Go gcruthóidh ár gcuid iomaitheoirí Éireannacha go léir go maith in Euro 2016

6. **(a)** Aimsigh sampla d'ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra in Alt 1 **agus** sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 3. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Ainmfhocal sa tuiseal ginideach iolra in Alt 1: …mban
Sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 3: go mbainfeadh

(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** aidhm a bhí ag an údar, dar leat, nuair a scríobh sé an sliocht. (Is leor **60** focal.) **{6 mharc + 6 mharc}**

Aidhm 1 + Forbairt = 6 mharc   Aidhm a lua = **2** mharc + Forbairt = **4** mharc
Aidhm 2 + Forbairt = 6 mharc   Aidhm a lua = **2** mharc + Forbairt = **4** mharc

Treoir:

- Ní mór do na hiarrthóirí an cheist seo a fhreagairt ina gcuid focal féin. (Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar.)

Samplaí d'aidhmeanna: (Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; níl na samplaí seo uileghabhálach ná eisiach.)

- Stair na gCluichí Oilimpeacha: tugtar cur síos dúinn ar de Coubertin; ar na deacrachtaí a bhí ann ag Cluichí Oilimpeacha áirithe, mar shampla sa bhliain 1936 agus sa bhliain 1988…
- Cur síos ar na prionsabail Oilimpeacha: Ceann a lua agus na fadhbanna a bhain leis...

- Ag féachaint ar aghaidh go Rio 2016…

Aidhm 1 (2) + Forbairt (4) =
Aidhm 2 (2) + Forbairt (4) =
Ceist 6 (b) (12) =

Ag bun Léamhthuiscint A, léirigh na marcanna mar seo:

C 1(A) (50) =

LÉAMHTHUISCINT B (50 marc)

1. **(a)** Cad iad na hathruithe atá tar éis tarlú sa réigiún Artach le caoga bliain anuas? (Alt 1)
(**2** athrú) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad athrú atá ceart = 2 mharc; an dara hathrú atá ceart = 1 mharc

- Tá an teocht ag ardú ann
- Tá an leac oighir ag leá dá bharr

(b) **(i)** Cén fáth a mbíonn ar an mbéar bán a shaol a chur i mbaol go minic? (Alt 1)
(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Is minic a bhíonn air a shaol a chur i mbaol chun teacht ar bhia atá ag éirí gann
- Chun teacht ar bhia atá ag éirí gann
- Chun teacht ar bhia = 1 mharc

(ii) Cad é an dúshlán is mó atá roimh an gcine daonna faoi láthair? (Alt 1)
(pointe **amháin) {2 mharc}**

- An t-athrú aeráide = 2 mharc

2. **(a)** Cad a scríobh John Maynard Keynes faoin mbaint a bhí ag an gcine daonna le háilleacht an dúlra? (Alt 2)
(**2** phointe eolais) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad phointe eolais atá ceart = 2 mharc; an dara ceann atá ceart = 1 mharc

- Go raibh an cine daonna ag scriosadh áilleacht an dúlra (an chéad phointe eolais) toisc nach raibh aon luach airgid ag baint leis an áilleacht sin (an dara pointe eolais)

(b) **(i)** Cén t-athrú a tharla sa domhan forbartha sna blianta tar éis an Dara Cogadh Domhanda? (Alt 2) (pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Tháinig borradh faoin tionsclaíocht sa domhan forbartha sna blianta sin
- D'éirigh na monarchana níos mó
- Sceitheadh níos mó ábhar díobhálach san aer

(ii) Cad a bhí á fhiafraí ag na heolaithe faoi lár na 1970idí? (Alt 2)
(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Thosaigh eolaithe ag ardú ceisteanna faoin tionchar a bhí ag forbairt na tionsclaíochta ar chúrsaí aimsire
- Bhí siad ag fiafraí conas is féidir forbairt thionsclaíoch a dhéanamh sa saol seo gan an domhan féin a chur i mbaol

3. **(a)** Luaigh **dhá** rud ar scríobh na heolaithe fúthu sa tuarascáil *Ár dTodhchaí Chomónta*. (Alt 3) (**2** rud) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad rud atá ceart = 2 mharc; an dara rud atá ceart = 1 mharc

- Faoin gcaoi a raibh an t-atmaisféar ag éirí níos teo
- Faoin gcaoi a raibh gáis nimhiúla ag sní isteach san atmaisféar
- Faoin gcaoi a raibh na patrúin aimsire ag athrú ar fud an domhain

(b) **(i)** Scríobh síos **dhá** cheann de na ceisteanna casta a phléann na toscairí idirnáisiúnta go rialta. (Alt 3) (**2** cheist) {**2 mharc: 1 mharc** + **1 mharc**}

An chéad cheist atá ceart = 1 mharc; an dara ceist atá ceart = 1 mharc

- Sceitheadh gás nimhiúil
- Caighdeán an aeir agus an uisce
- Cosaint na bhforaoisí
- Modhanna glasa táirgthe

(ii) Cén ceangal a chuir Prótacal Kyoto ar gach tír? (Alt 3)
(pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Chuir Prótacal Kyoto ceangal ar gach tír iarracht a dhéanamh timpeallacht ísealcharbóin a chruthú i ngach réimse dá sochaí
- Chuir Prótacal Kyoto ceangal ar gach tír iarracht a dhéanamh timpeallacht ísealcharbóin a chruthú = 1 mharc

4. **(a)** Cad iad na hathruithe atá tagtha ar phatrúin na haimsire in Éirinn le blianta beaga anuas? (Tabhair **dhá** cheann díobh.) (Alt 4)
(**2** athrú) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad athrú atá ceart = 2 mharc; an dara hathrú atá ceart = 1 mharc

- Tá teocht na hÉireann ag ardú
- Tarlaíonn níos mó stoirmeacha
- Bíonn an geimhreadh níos fliche
- Titeann níos mó báistí ó cheann ceann na bliana

(b) **(i)** Cad a tógadh ar pháirceanna glasa in Éirinn i rith ré an Tíogair Cheiltigh? (Alt 4) (pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Tógadh eastáit mhóra tionsclaíochta agus tithíochta orthu
- Tógadh eastáit mhóra tionsclaíochta orthu = 1 mharc
- Tógadh eastáit mhóra tithíochta orthu = 1 mharc

(ii) Conas a chuireann an t-aerthaisteal leis an téamh domhanda? (Alt 4) (pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Déanann an t-aerthaisteal an-dochar don chiseal ózóin agus laghdaíonn sé sin an chosaint atá ag an domhan ar an radaíocht ultraivialait (rud a chuireann leis an téamh domhanda agus leis an athrú aeráide)
- Déanann an t-aerthaisteal an-dochar don chiseal ózóin = 1 mharc

5. **(a)** Scríobh síos **dhá** cheann de na moltaí a dhéanann an t-údar maidir le cúrsaí taistil. (Alt 5) (**2** mholadh) {**3 mharc: 2 mharc** + **1 mharc**}

An chéad mholadh atá ceart = 2 mharc; an dara moladh atá ceart = 1 mharc

- Is fearr siúl nó rothaíocht ná an carr a úsáid ar thurais ghairide
- Is fearr, ó thaobh shláinte na cruinne de, bus nó traein a úsáid ar thurais fhada
- Is ceart gearradh siar ar eitiltí

(b) **(i)** Cad a mhol an tUachtarán Ó hUiginn don aos óg a dhéanamh? (Alt 5) (pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- Mhol sé don aos óg a ndícheall a dhéanamh i gcónaí chun a dheimhniú go mbeadh an domhan níos sláintiúla ina ndiaidh

(ii) Cad a d'aontaigh na ceannairí idirnáisiúnta ag ollchruinniú i bPáras? (Alt 5) (pointe **amháin**) **{2 mharc}**

- D'aontaigh siad dlús a chur leis an obair le sochaí ísealcharbóin a chruthú ar fud an domhain faoin mbliain 2030
- D'aontaigh siad dlús a chur leis an obair le sochaí ísealcharbóin a chruthú ar fud an domhain = 1 mharc

6. **(a)** Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5. **{3 mharc: 2 mharc + 1 mharc}**

Tá **trí** mharc ag gabháil leis an gceist seo: tabharfar **dhá** mharc ar an gcéad mhír ghramadaí atá ceart agus marc **amháin** ar an gceann eile.

Sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 1: Ceaptar
Sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 5:…aeráide,…
(na) cruinne…na Nollag

(b) Déan plé **i d'fhocail féin** ar **dhá** phointe eolais faoin athrú aeráide a luann an t-údar sa sliocht seo. (Is leor **60** focal.) **{6 mharc + 6 mharc}**

Dhá phointe eolais = **6** mharc + **6** mharc

Pointe eolais cruinn **1** a lua = **2** mharc + plé air (eolas cruinn ón bpíosa mar thacú leis) = **4** mharc

Pointe eolais cruinn **2** a lua = **2** mharc + plé air (eolas cruinn ón bpíosa mar thacú leis) = **4** mharc

Treoir:
Ní mór do na hiarrthóirí an cheist seo a fhreagairt ina gcuid focal féin. (Ní mór Ceist 6 (b) a fhreagairt i d'fhocail féin = an treoir ar leathanach 3 den scrúdpháipéar.)

Samplaí: (Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; níl na samplaí seo uileghabhálach ná eisiach.)

- Tá an fhianaise againn cheana féin go bhfuil an t-athrú aeráide faoi lánseol. Ba é sin an pointe a bhí á dhéanamh sa chlár faoin réigiún Artach - an clúdach leac oighir ag cúlú, cás an bhéir bháin…
- An tionchar a bhí/atá ag dul chun cinn tionsclaíochta ar an timpeallacht…
- Feicimid an t-athrú aeráide anseo in Éirinn freisin: bíonn na séasúir difriúil; geimhreadh níos fliche; stoirmeacha ann níos minice…
- Tá iarrachtaí ar bun chun an t-athrú aeráide seo a stopadh nó a laghdú. Féach ar na cruinnithe éagsúla, Rio de Janeiro, Kyoto agus Páras agus na moltaí a tháinig uathu…
- An rogha ghlas ag gach duine chun a chinntiú nach ndéanfadh forbairt damáiste dár dtimpeallacht…
- Moladh an Uachtaráin don aos óg…
- An toradh a bhí ar na cruinnithe agus ar na cáipéisí go léir…

P(1) (2) + E1 (4)=
P(2) (2) + E2 (4)=

Ag bun Léamhthuiscint B, léirigh na marcanna mar seo:

C 1(B) (50) =

Suimigh na hiomláin anois:

Ceist 1(A) (50) =

Ceist 1(B) (50) =

Ceist 1 (A + B) Iomlán (100) =

Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Nóta: I gcás na gceisteanna 2 (Prós), 3 (Filíocht), agus 4 (Litríocht Bhreise) beidh 5 mharc le bronnadh i ngach cás ar chaighdeán na Gaeilge. Sa Phrós mar sin 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; san Fhilíocht 25 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge; sa Litríocht Bhreise 35 ar Eolas agus 5 ar Ghaeilge.

Freagair **Ceist 2A** (Prós Ainmnithe) ***nó*** **Ceist 2B** (Prós Roghnach).

2A. Prós Ainmnithe

Maidir leis an scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(i) An léiriú a fhaighimid ar Oisín mar dhuine grámhar dílis sa scéal.

(ii) An pháirt a ghlacann Pádraig Naofa sa scéal. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(iii) Scríobh síos **dhá** shampla den áibhéil sa scéal **agus** déan plé gairid ar gach ceann díobh.

Dhá cheann le freagairt-an ceann is fearr a mharcáil as 13 mharc agus an ceann eile a mharcáil as 12 mharc.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (13 + 12) (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

2B. Prós Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, freagair do rogha **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(i) Scríobh síos an tréith is mó atá ag an bpríomhcharachtar (ag an bpríomhphearsa) sa scéal.
Déan cur síos ar an léiriú a dhéantar ar an tréith sin sa scéal.

(ii) Ainmnigh an mioncharachtar (an mhionphearsa) is tábhachtaí sa scéal, dar leat.
Cén pháirt atá aige/aici sa scéal? (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(iii) Cad í an tréith bhéaloidis is mó atá sa scéal, dar leat?
Scríobh síos **dhá** shampla den tréith sin sa scéal **agus** déan plé gairid ar gach ceann díobh.

Dhá cheann le freagairt-an ceann is fearr a mharcáil as 13 mharc agus an ceann eile a mharcáil as 12 mharc.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (13 + 12) (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) ***nó*** Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

3A. Filíocht Ainmnithe

(i) Cad é an príomhthéama sa dán *An tEarrach Thiar*, dar leat?
Déan plé ar na híomhánna a úsáideann an file sa dán chun an príomhthéama sin a léiriú.

Príomhthéama a ainmniú = **2** mharc
Plé ar na híomhánna = **11** mharc

Eolas = 13 mharc

Samplaí de phríomhthéama: (Is samplaí de théamaí féideartha atá iontu; níl na samplaí seo uileghabhálach ná eisiach.)

Grá an fhile dá oileán dúchais…grá don dúlra…molann sé an áit…An file ag dul siar ar bhóithrín na smaointe…cuimhní an fhile ar mhuintir Árann…laethanta an earraigh…na radhairc a bhaineann le saol traidisiúnta an oileáin…pobal ag obair go dian ach ag brath ar an talamh agus ar an bhfarraige le haghaidh a gcothaithe…nósanna an tsaoil in iarthar na hÉireann nuair a bhí an file ag fás aníos…

Plé ar na híomhánna: íomhánna a roghnú as an dán agus iad a phlé i gcomhthéacs an phríomhthéama atá roghnaithe ag an iarrthóir = **11** mharc

(ii) Cad é an mothúchán is láidre a léiríonn an file sa dán seo?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

An mothúchán is láidre a ainmniú = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc **Eolas = 5 mharc**

Mothúcháin: Uaigneas an deoraí…grá áite…meas/cion ar shaol traidisiúnta an oileáin… maoithneachas…sonas a óige…míshonas…aoibhneas…éad…aiféala…bród…

Pointe **amháin** eolais faoin mothúchán ag tagairt do théacs an dáin = **4** mharc

(iii) Úsáideann an file go leor aidiachtaí sa dán. Roghnaigh **dhá** cheann de na haidiachtaí sin agus déan plé gairid ar an tábhacht a bhaineann leo sa dán, dar leat.

Dhá aidiacht = **1** mharc + **1** mharc

Plé gairid ar an tábhacht a bhaineann leis na haidiachtaí sin = **5** mharc

Eolas = 7 marc

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

(i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, cad é an príomhthéama sa dán, dar leat?
Déan plé ar an bhforbairt a dhéanann an file ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

Príomhthéama a ainmniú = **2** mharc
Forbairt ar an bpríomhthéama = **11** mharc

Eolas = 13 mharc

(ii) Cad é an mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

An mothúchán is láidre a ainmniú = **1** mharc
Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

Eolas = 5 mharc

(iii) Cad í an teicníc is mó a thaitníonn leat sa dán? Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin teicníc sin sa dán.

An teicníc a ainmniú = **2** mharc
Dhá phointe eolais = **5** mharc

Eolas = 7 marc

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 25 (Eolas) **agus** as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sa fhreagarleabhar.

Eolas (25) =

Gaeilge (5) =

Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

– LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F) thíos.

Ceist 4A - 4E:

Treoracha:

Iarrtar ar na hiarrthóirí plé a dhéanamh ar an ráiteas agus eolas / tuairimí a léiriú sa fhreagra agus úsáid a bhaint as samplaí cruinne, téagartha ón téacs. Déantar an freagra a mheas mar aonad agus an t-eolas a mharcáil as 35 marc agus an Ghaeilge san iarracht a mheas as 5 mharc.

Ní mór don scrúdaitheoir an mionbhriseadh marcanna seo a léiriú sa fhreagarleabhar.

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

4F. Dánta Breise – Caoineadh Airt Uí Laoghaire

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

Nóta: Bain úsáid as Leagan 1 **nó** as Leagan 2 den dán i do fhreagraí.

(i) Cén léiriú a thugtar dúinn ar an gcinéal duine é Art Ó Laoghaire sna línte 8-35 den dán *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*? **Eolas = 16 mharc**

Tá plé ar an gcinéal duine é Art Ó Laoghaire mar aon le tagairtí cruinne, téagartha do théacs an dáin ag teastáil sa fhreagra.

Samplaí: (Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; níl na samplaí seo uileghabhálach ná eisiach.)

Duine fial flaithiúil…bhí sé saibhir…duine dílis grámhar ba ea é…bhí sé dathúil tarraingteach…bhí sé cróga calma… ní raibh faitíos air roimh a naimhde agus chuir sé olc orthu….bhí uaisleacht ag baint leis agus stádas aige…laoch a bhí ann…

(ii) Cad é an mothúchán is mó sa dán seo, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais faoin mothúchán sin. Bíodh tagairtí cruinne do théacs an dáin i do fhreagra.

An mothúchán is mó = **1** mharc

Dhá phointe eolais = **5** mharc + **5** mharc

Eolas = 11 mharc

Samplaí:

Grá, brón, briseadh croí, cumha, bród, trua, éadóchas…

Dhá phointe eolais (tuairim agus tagairt chruinn do théacs an dáin) ag léiriú an mhothúcháin a roghnaíonn an t-iarrthóir ón dán = **5** mharc + **5** mharc

(iii) Cén mheadaracht atá sa dán seo? Scríobh pointe **amháin** eolais faoin meadaracht seo agus léirigh do fhreagra le sampla cruinn ón dán.

An mheadaracht a ainmniú =	**2** mharc	
Pointe **amháin** eolais =	**4** mharc	
Sampla **cruinn** =	**2** mharc	**Eolas = 8 marc**

An mheadaracht a ainmniú = Meadaracht an amhráin ar a dtugtar Rosc / Rosc / Véarsaíocht aiceanta = **2** mharc

Pointe **amháin** eolais = **4** mharc

Samplaí:

Línte gearra le dhá nó trí bhéim iontu…an fhuaim chéanna/comhfhuaim ag deireadh na línte tríd síos… an guta aiceanta céanna ag deireadh gach líne…línte aiceanta…tá éagsúlacht sna línte sa mhéid nach bhfuil siad go léir ar chomhfhad…

Sampla **cruinn** = **2** mharc
Is leor líne amháin ábhartha as an dán chun an mheadaracht a léiriú.

Ní mór don Scrúdaitheoir an marc ar eolas as 35 marc mar aon le marc ar Ghaeilge as 5 mharc a thaispeáint sa fhreagarleabhar.

Eolas (35) =

Gaeilge (5) =

Grádú Marcála sna Ceisteanna

N. B. Den bhfíorthábhacht é go mbeifeá ag machnamh i ngráid agus i gcéatadáin le linn na marcála. (Féach an scéim ghrádaithe sa Cheapadóireacht ar lgh. 11-13.)

An freagra a ghrádú agus a chéatadánú i d'aigne i dtosach, ansin cinneadh ar an marc.

GRÁD	200	160	100	68	60	56	44	40	35	30	25	22	18
A	170	136	85	58	51	48	38	34	30	26	22	19	16
B	140	112	70	48	42	40	31	28	25	21	18	16	13
C	**110**	**88**	**55**	**38**	**33**	**31**	**25**	**22**	**20**	**17**	**14**	**13**	**10**
D	80	64	40	28	24	23	18	16	14	12	10	9	8
GRÁD	**17**	**16**	**14**	**13**	**12**	**11**	**10**	**9**	**8**	**7**	**6**	**5**	
A	15	14	12	12	11	10	9	8	7	6	6	5	
B	12	12	10	10	9	8	7	7	6	5	5	4	
C	**10**	**9**	**8**	**8**	**7**	**7**	**6**	**5**	**5**	**4**	**4**	**3**	
D	7	7	6	6	5	5	4	4	4	3	3	2	

Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)** i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin.
- Úsáid próiseálaí focal.
- Úsáid scríobhaí.
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach.

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúduithe luaite ar na leatháin mharcála agus réiltín (*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Litriú:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measanú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

Cruinneas na Gaeilge:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal; …

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an úraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

Cuirtear **An Scéim Mhodhnaithe Mharcála (SMM)** i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- An Chluastuiscint: Gaeilge (0 - 3 mharc)
- Páipéar 1: An Cheapadóireacht – An Cumas Gaeilge (80 marc)
- Páipéar 2: Ceist 2: Prós Ainmnithe / Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 3: Filíocht Ainmnithe / Roghnach – An Ghaeilge (5 mharc)
- Páipéar 2: Ceist 4: Litríocht Bhreise – An Ghaeilge (5 mharc)

Ní mór don scrúdaitheoir "**SMM i bhfeidhm-scrúd.**" a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.